Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
Dublin and Dún Laoghaire Education and Training Board

# BEARTAS CIANOIBRE

**Leagan:** 2 / 10.2023

**An dáta a dhaingnigh Foireann Ardbhainistíochta BOOÁCDL é: 9ú Deireadh Fómhair 2023**

**An dáta a nótáil Bord Bainistíochta BOOÁCDL é: 16ú Deireadh Fómhair 2023**

**Síniú:** ____________ **(CEO)**

**Uaslódáilte ar shuíomh inlín BOOÁCDL TÁ / NÍL**

**Leaganacha Gaeilge agus Béarla uaslódáilte ar shuíomh gréasáin BOOÁCDL: TÁ / NÍL**

**Dáta athbhreithnithe: 9ú Deireadh Fómhair 2025**

| | |
|---|---|
| Uimh. an Bheartais: PL/035 | Uimhir an Leagain 2 / 10.2023 |
| Leaganacha roimhe seo: 1.Mar21 | Le hÉifeacht ón: 9ú Deireadh Fómhair 2023 |
| Ceadú/Nótáilte ag an mBord: 16ú Deireadh Fómhair 2023 | Dáta an Athbhreithnithe: 9ú Deireadh Fómhair 2025 |

# BEARTAS CIANOIBRE

Clár na nÁbhar


Achoimre

1 Réamhrá

2 Raon feidhme

3 Sainmhínithe

4 Incháilitheacht

5 An próiseas chun iarratas ar chianobair a dhéanamh

6 Freagra a thabhairt ar iarraidh ar chianobair

7 Ceart chun an cinneadh a achomharc

8 An socrú cianoibre a thástáil

9 Nós imeachta um shocruithe cianoibre

10 Ceanglais a chumhdaítear i socruithe foirmiúla cianoibre

11 Deireadh a chur le socrú cianoibre nó é a mhodhnú

12 Speansais le haghaidh cianoibre

13 Athbhreithniú ar an mbeartas seo

**Achoimre**

Tugtar breac-chuntas sa bheartas seo ar an nós imeachta d'fhostaí chun iarraidh ar shocrú cianoibre a dhéanamh. Leagtar amach ann freisin na coinníollacha agus na ceanglais maidir le socruithe cianoibre comhaontaithe. Aithníonn BOOÁCDL gur féidir spreagadh, feidhmíocht agus táirgiúlacht na foirne a fheabhsú trí chothromaíocht oibre is saoil níos fearr. Tá formhór ár bhfostaithe ag gabháil do sholáthar díreach oideachais, oiliúna agus tacaíochta d'fhoghlaimeoirí, áfach, agus dá bhrí sin b'fhéidir nach mbeadh cianobair oiriúnach don fhoireann sin.

Féadtar a iarraidh ar fhostaithe oibriú go cianda mar fhreagra ar chúinsí eisceachtúla.

## 1. Réamhrá

Is é cuspóir BOOÁCDL an t-oideachas agus an oiliúint is fearr is féidir a chur ar fáil do dhaoine fásta, do dhaoine óga agus do leanaí inár ndobharcheantar. Tá gach beartas in BOOÁCDL deartha chun tacú lenár gcuspóir agus chun folláine ár bhfoirne a chur san áireamh. Aithnítear sa bheartas seo um chianobair gur féidir spreagadh, feidhmíocht agus táirgiúlacht na foirne a fheabhsú trí chothromaíocht oibre is saoil níos fearr. Féachann BOOÁCDL le tacú lena chuid fostaithe cothromaíocht níos fearr a bhaint amach idir an obair agus gealltanais phearsanta. Déanfaimid gach iarracht réasúnta freastal ar iarrataí ar chianobair, agus riachtanais an ghnó chomh maith le riachtanais daoine aonair á gcur san áireamh. Tá formhór ár bhfostaithe ag gabháil do sholáthar díreach oideachais, oiliúna agus tacaíochta d'fhoghlaimeoirí, áfach, agus dá bhrí sin b'fhéidir nach mbeadh cianobair oiriúnach don fhoireann sin.

Tugtar breac-chuntas sa bheartas seo um chianobair ar an nós imeachta d'fhostaí chun socrú oibre solúbtha a iarraidh. Leagtar amach ann freisin an nós imeachta maidir le socruithe cianoibre comhaontaithe.

Breithneoidh an BOO aon iarraidh ar shocrú oibre solúbtha ar bhealach cóir agus trédhearcach ag teacht leis an mbeartas seo. Sa chás go ngéillfear don iarraidh, comhaontóidh an BOO socrú oibre solúbtha foirmiúil i scríbhinn leis an bhfostaí. Tabharfar breac-chuntas sa doiciméad ar na coinníollacha a rialaíonn an socrú cianoibre, freagrachtaí an BOO agus an fhostaí, chomh maith le haon rialuithe nó bearta rialachais a theastaíonn don socrú oibre seo.

Tá oibleagáidí reatha an fhostaí faoina gconradh fostaíochta fós gan athrú, go háirithe

- eisiachas a bhfostaíochta leis an BOO
- a n-uaireanta oibre agus a gceapachán ar an scéim BOO ina hiomláine, rud a chiallaíonn gur féidir iad a shannadh d'aon cheann de scoileanna/ionaid/seirbhísí an BOO, de réir mar is gá sna cúinsí.

Ní thugtar aon teidlíocht dhlíthiúil ná chonarthach d'fhostaí oibriú go cianda, ná ní bheartaítear aon teidlíocht dhlíthiúil ná chonarthach a thabhairt d'fhostaí oibriú go cianda, leis an mbeartas seo ná le haon socrú cianoibre comhaontaithe. Coimeádann an BOO an ceart chun aon socrú cianoibre a dhiúltú, a mhodhnú nó deireadh a chur leis.

Maidir le beartais agus nósanna imeachta uile BOOÁCDL, beidh feidhm chomhionann acu maidir le fostaí ar bith atá ar shocrú cianoibre.

## 2. Raon feidhme

Tá feidhm ag an mbeartas seo maidir le baill foirne a chomhlíonann na critéir incháilitheachta a bhfuil breis mionsonraí fúthu sa doiciméad seo. Aithníonn BOOÁCDL nach mbeidh socruithe cianoibre oiriúnach/indéanta do gach ról. Comhaontófar iarrataí ar chianobair ar bhonn cás

ar chás. Ní bhunófar fasach trí iarraidh amháin a chomhaontú ná ní chruthófar an ceart go gceadófaí athrú den chineál céanna ar a phatrún oibre d'fhostaí eile.

Agus iarrataí ar chianobair á mbreithniú, breithneoidh an BOO roinnt tosca lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do, na nithe seo a leanas:

- Oiriúnacht an róil don socrú cianoibre a roghnaíodh
- Riachtanais incháilitheachta
- Tacar scileanna agus cumas an duine
- Tionchar agus éifeacht an tsocraithe atá beartaithe ar fhoghlaimeoirí
- Tionchar agus éifeacht an tsocraithe atá beartaithe ar bhaill foirne eile
- An gá atá le maoirseacht agus an éifeacht uirthi
- Socruithe oibre solúbtha atá ann cheana féin
- Acmhainní foirne a bheith ar fáil
- Cibé an iarraidh maidir le coigeartú réasúnta é a bhaineann le míchumas/breoiteacht
- Saincheisteanna sláinte agus sábháilteachta
- Beartas Foghlama Cumaisc BOaO (á fhorbairt.)

## 3. Sainmhínithe

Chun críocha an bheartais seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas maidir le

'*Cianobair*' - obair a dhéanann fostaí ag suíomh lasmuigh dá ngnáthshuíomh oibre/dá suíomh oibre réamhshocraithe, sa bhaile nó i suíomh oifige comhaontaithe eile, a bhaineann le rochtain leictreonach ar bhogearraí, ar chórais agus ar fhaisnéis/shonraí an BOO, le próiseáil agus/nó le stóráil leictreonach bhogearraí, chórais agus fhaisnéis/shonraí an BOO.

'*Socrú cianoibre*' – comhaontú foirmiúil i scríbhinn idir an BOO agus an fostaí a rialaíonn an chianobair a dhéanann fostaí ag spás oibre ainmnithe laistigh dá n-áit chónaithe nó laistigh de shuíomh oifige comhaontaithe eile nó laistigh d'áitreabh comhaontaithe eile de chuid an BOO atá gar go geografach d'áit chónaithe fostaí. Tabharfar breac-chuntas ar na coinníollacha is infheidhme maidir leis an socrú cianoibre, freagrachtaí an BOO agus an fhostaí, agus na rioscaí a bhaineann le cianobair agus na rialuithe agus na bearta a theastaíonn i gcomhaontú den sórt sin.

'*Iarrthóir*'- fostaí a dhéanann iarratas ar shocrú cianoibre agus a bhfuil foirm iarratais ar shocrú cianoibre curtha faoi bhráid a mbainisteoir líne agus na Rannóige Acmhainní Daonna (AD) acu.

## 4. Incháilitheacht

Beidh fostaí incháilithe chun socrú cianoibre a chur isteach lena bhreithniú i gcás go gcomhlíonfaidh siad na critéir a dtugtar breac-chuntas orthu thíos:

- Oiriúnacht an róil don socrú cianoibre ar leith (mar a luadh thuas, níl formhór na ról laistigh de BOOÁCDL oiriúnach don chianobair toisc go mbaineann siad

le soláthar díreach duine le duine maidir le hoideachas, oiliúint agus/nó seirbhísí tacaíochta etc. d'fhoghlaimeoirí)

- Íosriachtanas seirbhíse 6 mhí
- An tréimhse phromhaidh a chur i gcrích go rathúil
- Taifead soiléir araíonachta
- Feidhmíocht shásúil/aschur sásúil oibre agus leibhéil cháilíochta agus chainníochta a chomhlíonann nó a sháraíonn a bhfuil coinne leo.

## 5. An próiseas chun iarratas ar chianobair a dhéanamh

Is faoi rogha an BOO é an tráth a osclaítear iarratais ar chianobair gach bliain. Táthar ag súil gur cheart go mbeadh dátaí iarratais chomhchosúla, bliain féilire chomhchosúil nó bliain acadúil chomhchosúil ag gach socrú oibre solúbtha, ag brath ar an earnáil, chun ligean don lucht bainistíochta cinntí láneolasacha a dhéanamh.

Ní mór go mbeadh gach láthair cianoibre faoi réir ag measúnú riosca nach mór don fhostaí a dhéanamh agus an t-iarratas á dhéanamh aige/aici. Ba cheart d'fhostaithe an fhoirm iarratais ar chianobair agus an seicliosta measúnaithe Sláinte agus Sábháilteachta (S&S) a chomhlánú agus a sheoladh chuig a mbainisteoir agus a chinntiú go soláthraíonn siad na sonraí ábhartha go léir agus go gcomhlánaíonn siad gach cuid ábhartha. Mura gcuirtear sonraí leordhóthanacha ar fáil san fhoirm iarratais ar chianobair, d'fhéadfaí a n-iarratas a dhiúltú. Ní mór dá mbainisteoir tacaíocht a thabhairt don fhoirm agus an seicliosta a shíniú sula n-eisíonn siad chuig an Rannóg Acmhainní Daonna í.

Is iad 1 lá (20%), 2 lá (40%) nó 3 lá (60%) de sheachtain oibre lánaimseartha an líon socraithe seachtainiúil laethanta nó an teidlíocht i leith socruithe cianoibre a d'fhéadfaí a dheonú. Ní mór tréimhse tástála tosaigh trí mhí a dhéanamh. Beidh sé de dhualgas ar gach fostaí dul i ngleic lena mbonnshuíomh oibre de réir an sceidil atá leagtha amach ag a mbainisteoir.

A luaithe a fhaightear an fhoirm iarratais ar chianobair agus an seicliosta comhlánaithe, déanfaidh an BOO measúnú ar inmharthanacht an tsocraithe cianoibre a bheartaítear, agus riachtanais an fhostaí agus an BOO á gcur san áireamh. Beartaítear go ndéanfaidh ainmní cuícháilithe nó conraitheoir neamhspleách (measúnóir) athbhreithniú ar an measúnú riosca maidir leis an iarratas laistigh de 28 lá tar éis don BOO an t-iarratas a fháil. Féadfar síneadh a chur leis an teorainn ama sin trí chomhaontú ón dá pháirtí.

Mar chuid den bhreithniú ar aon iarratas ar chianobair, féadfaidh an measúnóir faisnéis bhreise a iarraidh agus féadfaidh sé a cheangal go ndéanfar na measúnuithe agus na tuairiscí sin de réir mar a mheasfar is gá. Féadfaidh sé go mbeidh na nithe seo a leanas san áireamh, ach gan a bheith teoranta dóibh:

- Measúnú riosca ar an spás oibre ainmnithe san áit chónaithe
- Measúnú TF ar an spás oibre ainmnithe san áit chónaithe.

I gcás go bhfuil aon riocht leighis ar an bhfostaí a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar chianobair agus/nó a théann i bhfeidhm ar a n-oiriúnacht chun obair a dhéanamh ina n-aonar, d'fhéadfaí a iarraidh ar an bhfostaí fianaise leighis a sholáthar go bhfuil siad oiriúnach chun oibriú ina n-aonar agus sonraí a sholáthar faoi aon chóiríocht speisialta a theastaíonn chun é sin a éascú. Coimeádann an BOO an ceart chun a cheangal ar an iarrthóir freastal ar Speisialtóir Sláinte Ceirde an BOO. D'fhéadfadh toradh na tuairisce a bheith mar chuid de na breithnithe a bhaineann le hiarraidh ar chianobair.

I gcás go dteipeann ar an bhfostaí freastal ar chruinniú agus i gcás go dteipeann air/uirthi freastal ar chruinniú atheagraithe gan chúis mhaith, measfar a n-iarratas ar chianobair a bheith tarraingthe siar.

## 6. Freagra a thabhairt ar iarraidh ar chianobair

Breithneofar gach iarraidh ar bhonn cás ar chás agus cuirfear san áireamh na critéir a leagtar amach sa bheartas seo. Cuirfear cinneadh an BOO in iúl don fhostaí i scríbhinn a luaithe is réasúnach, ach tráth nach déanaí ná 28 lá tar éis an t-iarratas a fháil seachas i gcás go gcomhaontaítear a mhalairt idir na páirtithe.

Féadfar an iarraidh a dheonú go hiomlán, í a dheonú go páirteach nó í a dhiúltú. Féadfaidh an BOO aon cheann de na nithe seo a leanas a mholadh:

- Leagan modhnaithe den iarraidh
- Féadfar í a dheonú ar bhonn sealadach.

I gcás go gcomhaontaítear an iarraidh, seolfar litir chomhaontaithe deimhniúcháin chuig an bhfostaí nach mór don fhostaí a shíniú. Áireofar leis an gcomhaontú ar chianobair

- mionsonraí faoin socrú cianoibre
- nithe is gá don fhostaí aird a thabhairt orthu
- dáta tosaigh beartaithe.

Cuirfear tréimhse tástála i bhfeidhm chun oiriúnacht an tsocraithe cianoibre a mheas.

## 7. An ceart chun an cinneadh a achomharc

Féadfaidh an fostaí achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh i gcás go ndiúltaítear dá n-iarraidh ar chianobair. Ní mór é seo a dhéanamh i scríbhinn laistigh de 7 lá chuig bainisteoir an bhainisteora agus ní mór dóibh na forais ar a bhfuil achomharc á dhéanamh acu in aghaidh an chinnidh a lua go soiléir. Éistfear an t-achomharc laistigh de 14 lá. Cuirfear toradh a n-achomhairc in iúl don fhostaí ansin laistigh de 14 lá ón gcruinniú achomhairc. Is cinneadh críochnaitheach a bheidh sa chinneadh a dhéanfar ar an achomharc.

## 8. An socrú cianoibre a thástáil

Tá gach socrú cianoibre faoi réir ag tréimhse tástála tosaigh trí mhí, agus ina dhiaidh sin is féidir é a chomhaontú ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag. Tabharfaidh an tréimhse tástála dóthain ama don fhostaí agus don BOO an cleachtas cianoibre a chur i bhfeidhm agus a fheiceáil cén chaoi a n-oibríonn sé. Reáchtálfar cruinniú athbhreithnithe nuair a bheidh an tréimhse tástála thart.

Fiosrófar ag an gcruinniú seo an gá le síneadh a chur leis an tréimhse tástála bhunaidh, an gá le scor den socrú nó inmharthanacht an tsocraithe. A luaithe agus a dhéanfar comhaontú, iarrfar ar an bhfostaí an comhaontú a shíniú.

Coimeádann an BOO an ceart, ag deireadh na tréimhse tástála comhaontaithe, chun a cheangal ar an bhfostaí filleadh ar an socrú oibre a bhí acu roimhe sin.

## 9. Nós imeachta um shocruithe cianoibre

A luaithe a chomhaontófar iarratas ar chianobair, déanfar measúnú riosca ar an spás oibre ainmnithe san áit chónaithe nó ar shuíomh oifige comhaontaithe eile sula gcuirfear tús leis an socrú cianoibre.

Beidh oibleagáidí reatha an fhostaí faoina gconradh fostaíochta fós gan athrú agus beidh feidhm chothrom ag beartais agus nósanna imeachta fostaíochta an BOO maidir le socrú cianoibre faofa. Má theipeann ar fhostaí cloí leis na cleachtais, beartais agus nósanna imeachta infheidhmithe, d'fhéadfaí deireadh a chur le socrú cianoibre.

Níor cheart d'fhostaithe atá ar shocrú cianoibre é a úsáid chun freagrachtaí pearsanta eile a chomhlíonadh, amhail cúram a thabhairt do chleithiúnaí/leanbh, nó chun freagrachtaí eile nach mbaineann leis an obair a chomhlíonadh.

Beifear ag súil go gcomhlíonfaidh fostaithe atá i mbun cianoibre a n-uaireanta caighdeánacha laethúla agus seachtainiúla agus iad sin amháin agus níl aon áis ann le haghaidh fleisc-ama.

Ar bhonn eisceachtúil, féadfar am in ionad a dheonú i leith uaireanta breise a d'oibrigh an fostaí, i gcás go n-éilítear uaireanta breise de bharr riachtanas gnó agus i gcás go n-iarrann an bainisteoir líne sin. Ní mór don fhostaí taifead a choinneáil de na huaireanta a oibrítear agus an taifead sin a chur faoi bhráid an bhainisteora líne, a dhéanfaidh cinneadh faoin am a chuirfear in iúl do AD.

Déanfar aon choinníollacha nó bearta speisialta is gá chun cianobair a éascú a mhionsonrú sa socrú cianoibre. Tá sé ríthábhachtach cloí leis na coinníollacha bunriachtanacha sin agus na bearta riachtanacha a chur i bhfeidhm go rathúil. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh deireadh a chur le socrú oibre mar thoradh ar aon mhainneachtain ina leith sin.

## 10. Ceanglais a chumhdaítear i socruithe foirmiúla cianoibre

Cumhdófar raon riachtanas atá leagtha amach thíos sa socrú foirmiúil don chianobair.

### 10.1 Minicíocht agus fad ama na cianoibre

Leagfar amach dáta tosaithe na cianoibre sa chomhaontú agus na mionsonraí, an mhinicíocht agus na laethanta comhaontaithe ina leith. Beidh ar an bhfostaí freastal ar oifig/ionad an BOO ar na laethanta atá fágtha nó ar shuíomh eile mar a shonróidh an BOO.

Beidh gach socrú cianoibre faoi réir ag athbhreithniú foirmiúil bliantúil.

### 10.2 Toiliú chun dul isteach in áitribh fostaithe

Comhaontaíonn an fostaí atá ar shocrú cianoibre ceart rochtana ar a n-áit chónaithe a thabhairt don BOO ar fhógra réasúnach 3 lá ar a laghad nó ar fhógra eile arna chomhaontú, chun na críocha seo a leanas:

- An timpeallacht oibre a iniúchadh chun a oiriúnacht chun críocha sláinte agus sábháilteachta a mheas.
- Seiceálacha tréimhsiúla a iniúchadh, a shuiteáil agus/nó a dhéanamh chun na socruithe slándála cuí le haghaidh sonraí leictreonacha agus fisiceacha a áirithiú.
- Comhaid nó trealamh BOOÁCDL a bhailiú, nó obair a athdháileadh ar chomhghleacaithe i gcás saoire bhreoiteachta fadtéarmaí nó neamhláithreacht fhada éigin eile.

### 10.3 Ceanglais maidir le hinfhaighteacht agus cumarsáid

Meabhraítear don fhostaí an tábhacht mhéadaithe a bhaineann le cumarsáid maidir le hinfhaighteacht agus inrochtaineacht agus ba cheart dóibh an chumarsáid sin a dhéanamh i gcomhréir le cleachtais eagraíochtúla, go háirithe a n-infhaighteacht ar a bhféilire.

Déanfaidh fostaithe idirchaidreamh lena mbainisteoir chun laethanta rialta 'san oifig' a chomhaontú i gcás go mbeidh fostaithe lonnaithe in oifig/ionaid an BOO, agus beidh siad ar fáil do chruinnithe foirne agus eile. Ní mór don fhostaí agus dá mbainisteoir ionchais shoiléire a bhunú maidir le hagaí freagartha do gach páirtí agus modhanna cumarsáide cuí a chomhaontú trí chainéil BOO e.g. ríomhphost/fón/Microsoft Teams. Ní mór d'fhostaithe grianghraf oiriúnach dá cheann a chur ar fáil le húsáid ar a bpróifíl Microsoft.

### 10.4 Neamhláithreacht a Bhainistiú

Ba chóir gach neamhláithreacht a chur in iúl de réir bheartas/chiorcláin bainistíochta neamhláithreachta BOO agus iad a thaifeadadh ar an CorePortal. Beidh na hiarratais/an tuairisciú uile ar saoire ag feidhmiú mar is gnách gan tionchar a bheith ag an socrú cianoibre orthu. Meastar fostaithe atá i mbun cianoibre a bheith ag an obair. Dá bhrí sin, níl aon athrú ar phróisis iarratais agus tuairiscithe.

Déantar bheith i mbun cianoibre a mharcáil mar am ag an obair. Ní féidir í a úsáid i gcomhar le socruithe saoire eile nó in áit socruithe saoire eile.

Le linn neamhláithreachta, ní mór don fhostaí socruithe a dhéanamh chun a gcuid glaonna a atreorú chuig glórphost/rannóg eile agus teachtaireacht a thaifeadadh ina mínítear go bhfuil siad as an oifig.

### 10.5 Am agus tinreamh

Ní mór d'fhostaithe atá ar chóras clogála clogáil isteach/amach ar an gcóras CorePortal chun a n-uaireanta oibre agus a saoire a thaifeadadh.

### 10.6 Spás Oibre Cianda Oiriúnach agus Sábháilte a bheith ar fáil

Le go bhfeidhmeoidh socrú cianoibre go héifeachtach, ní mór spás oibre sonrach amháin a bheith ainmnithe agus ar fáil san áit chónaithe. Chun é sin a chinntiú, beidh feidhm ag na cúinsí seo a leanas:

- Oibríochtúil
- Sláinte agus Sábháilteacht
- Slándáil agus Cosaint Sonraí.

Na fostaithe atá freagrach as a spás oibre a bhainistiú.

### 10.7 Cúinsí Oibríochtúla

Ní mór dóthain spáis a bheith san oifig cianoibre chun ligean don fhostaí iarracht iomlán a dhéanamh agus aird iomlán a thabhairt ar a gcuid dualgas a chomhlíonadh le linn uaireanta oibre. Caithfidh an timpeallacht a bheith saor ó thorann agus ó aon rud a chuirfeadh isteach orthu.

Ní mór don oifig cianoibre a bheith feistithe agus cumraithe go cuí chun cur ar chumas an fhostaí a ról agus a ndualgais a chomhlíonadh go héifeachtach agus beidh an trealamh seo a leanas de dhíth, de ghnáth:

- deasc
- cathaoir
- seilfeanna/comhdú (más infheidhme)
- stóráil shlán
- soilsiú agus teas oiriúnach
- ríomhaire nó ríomhaire glúine
- teileafón
- rochtain leordhóthanach iontaofa ar an idirlíon.

I gcás go gcomhaontaítear socrú cianoibre, pléifear an trealamh atá le soláthar le gach fostaí sula gcuirfear tús leis an socrú cianoibre ar bhonn cás ar chás. Níl BOOÁCDL freagrach as troscán a sholáthar in oifig cianoibre san áit chónaithe. Ní mór do gach fostaí a fhaigheann trealamh TFC Comhaontú Iasachta BOOÁCDL a shíniú.

Tabharfaidh an fostaí aire réasúnta d'aon mhaoin BOO atá ina sheilbh acu agus socróidh siad go ndéanfar í a stóráil go slán. De réir théarmaí conarthacha an fhostaí, comhaontaíonn siad trealamh agus ábhair an BOO a thabhairt ar ais, nó sin a éascú, an tráth a n-iarrfar é, nó an tráth a gcuirfear deireadh leis an socrú cianoibre agus/nó le fostaíocht an fhostaí. Féadfaidh an BOO a iarraidh go dtabharfar a mhaoin ar ais chun í a iniúchadh, a chothabháil agus a dheisiú de réir mar is gá, nó ar fhoirceannadh an tsocraithe cianoibre agus/nó fhostaíocht an fhostaí. Ní mór don fhostaí trealamh agus ábhair an BOO a thabhairt ar ais, nó sin a éascú, laistigh de 5 lá tar éis iarratas a fháil ón BOO.

Ceanglófar ar an bhfostaí a chinntiú go bhfuil nasc idirlín leordhóthanach agus comhsheasmhach ar fáil san oifig cianoibre atá leordhóthanach don fhostaí chun a ról agus a ndualgas a chomhlíonadh. D'fhéadfadh go mbeadh ar Rannóg TF an BOO an nasc idirlín/gréasáin in oifig cianoibre a mheas agus a fhíorú chun a oiriúnacht a chinneadh.

### 10.8 Sláinte agus Sábháilteacht

Ní éascófar socrú cianoibre ach amháin ar an mbonn gur thimpeallacht oibre oiriúnach é an spás oibre ainmnithe a ligfidh don BOO agus don fhostaí a ndualgais chomhfhreagracha faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 a chomhlíonadh. Áirítear leis sin aird ar leith a thabhairt ar na Rialacháin maidir le Scáileán Taispeána agus ar na híoscheanglais a shonraítear i Sceideal 4, Rialachán 72 lena rialaítear fostaí atá ag obair in áit chónaithe nó i suíomh oifige comhaontaithe eile.

Tá an BOO ar an eolas faoi bhearta chun a ndualgais a chomhlíonadh, a mhéid is indéanta le réasún, maidir le háit shábháilte agus córas sábháilte oibre a sholáthar. Tá fostaí atá i mbun cianoibre freagrach freisin as a bpáirt féin chun áit shábháilte oibre a sholáthar agus tá siad freagrach as a sláinte agus a sábháilteacht féin agus as sláinte agus sábháilteacht daoine eile.

Bainfidh an fostaí úsáid cheart as trealamh agus de réir mar a threorófar dóibh. Comhoibreoidh siad leis an BOO maidir le gach ábhar sláinte agus sábháilteachta, freastalóidh siad ar aon seisiúin oiliúna, agus tuairisceoidh siad aon lochtanna nó saincheisteanna amhrasta maidir le sláinte agus sábháilteachta lena n-áirítear aon saincheisteanna struis a bhaineann leis an obair.

### 10.9 Tuairisciú ar Thimpistí agus Teagmhais

Meabhraítear d'fhostaithe, mar is amhlaidh i gcás bheartais uile BOO, an tábhacht leanúnach a bhaineann le haon teagmhas nó neasteagmhas a tharlaíonn a bhaineann lena socrú cianoibre a thuairisciú. Ba chóir dóibh an nós imeachta atá leagtha amach i bprótacal Tuairiscithe ar Thimpistí agus Teagmhais BOO a leanúint agus timpistí/teagmhais a thuairisciú do insurances@ddletb.ie (rochtain Eislín ag teastáil).

### 10.10 Slándáil agus cosaint sonraí

Meabhraítear d'fhostaithe, mar is amhlaidh i gcás bheartais uile BOO, an tábhacht leanúnach agus mhéadaithe a bhaineann le cosaint sonraí agus cearta príobháideachta agus iad ag obair go cianda. Tá tábhacht ar leith ag baint leis na beartais atá leagtha amach i mbeartais BOO um Chosaint Sonraí, TF, R-phost agus na meáin shóisialta a bhaineann le húsáid TFC agus stóráil doiciméadúcháin.

D'fhéadfadh go mbeadh ar an Rannóg TF measúnú a dhéanamh ar riachtanais rochtana, stórála
agus chúltaca an fhostaí agus moltaí a dhéanamh lena áirithiú go bhfuil bearta den sórt sin atá i bhfeidhm iomchuí i gcomhair socrú cianoibre. Féadfaidh sé go mbeidh na bearta seo a leanas san áireamh, ach gan a bheith teoranta dóibh:

- Gealltanas cloí le prótacail, beartais agus nósanna imeachta TF/cosanta sonraí agus iad ag obair go cianda.
- Oiliúint bhreise TF maidir le cosaint sonraí agus slándáil TF.
- Pasfhocail shlána a choimeád agus gealltanas gan cuntais úsáideora, pasfhocail nó dintiúir a roinnt le duine ar bith eile.
- Cúram réasúnta a dhéanamh chun caillteanas nó goid gléasanna móibíleacha, ríomhairí glúine agus trealamh TF gaolmhar etc. a chosc agus chun aon rochtain neamhúdaraithe ar shonraí nó ar chórais lena n-áirítear doiciméid pháipéarbhunaithe a chosc.
- Aon chaillteanas nó goid gléasanna soghluaiste, ríomhairí glúine agus Trealamh TF gaolmhar etc. a thuairisciú don Rannóg TF agus insurances@ddletb.ie.
- Na sonraí agus an chomhfhreagrais go léir, idir leictreonach agus láimhe, a choinneáil faoi rún daingean.

### 10.11 Bainistiú Feidhmíochta

Ní mór don BOO monatóireacht agus bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar fheidhmíocht a chuid fostaithe go léir, lena n-áirítear iad siúd atá ag obair go cianda ó oifig/áit chónaithe cianoibre. I gcás fostaí atá i mbun cianoibre, beidh líne radhairc an BOO difriúil agus d'fhéadfadh sé a bheith níos teoranta ná mar a bheadh i gcás baill foirne oifigbhunaithe.

Sula gcuirfear tús le haon socrú cianoibre, ní mór d'fhostaí agus dá mbainsteoir próiseas oiriúnach a chomhaontú agus a chur i bhfeidhm chun feidhmíocht agus táirgiúlacht an fhostaí a bhainistiú agus chun monatóireacht a dhéanamh orthu, chomh maith le héifeachtacht an tsocraithe cianoibre a thomhas. Ní mór don fhostaí agus don bhainisteoir sásraí aiseolais agus critéir agus/nó tomhais shonracha maidir le héifeachtacht a chomhaontú. Ní mór iad sin a shonrú go soiléir sa chomhaontú i gcomhair na cianoibre.

### 10.12 Cruinnithe

Níor cheart d'fhostaithe atá ar shocrú cianoibre a n-áit chónaithe féin a úsáid chun bualadh le foghlaimeoirí, cliaint, comhghleacaithe ná páirtithe leasmhara, ná níor cheart dóibh a seoladh baile ná a n-uimhir theileafóin phearsanta a thabhairt amach.

### 10.13 Gnás feistis

Beifear ag súil go mbeidh fostaithe atá ar shocrú cianoibre gléasta ar bhealach gairmiúil agus glaonna físchomhdhála á ndéanamh acu le foghlaimeoirí, cliaint, comhghleacaithe agus páirtithe leasmhara eile.

### 10.14 Árachas

Cumhdaítear trealamh a sholáthraíonn BOOÁCDL d'fhostaithe i bpolasaí árachais BOOÁCDL. Ní mór d'fhostaithe a chinntiú go gcoinnítear trealamh BOOÁCDL go sábháilte agus iad ina n-áit chónaithe. I gcás caillteanais/gadaíochta/damáiste, ní mór don fhostaí a mbainisteoir líne agus Seirbhísí Corparáideacha, Ceannoifig BOOÁCDL, a chur ar an eolas trí insurances@ddletb.ie

Ba chóir ríomhairí glúine/iPads/fóin etc. a chriptiú agus ba cheart an pasfhocal a chosaint leis an nglas scáileáin uathoibríoch. Ba cheart fiosruithe gníomhachtaithe maidir leis na gairis sin trí Rannóg TF BOOÁCDL.

Árachas Tí: Molaimid duit fógra a thabhairt do d'árachóirí tí go bhfuil tú ag obair ar shocrú cianoibre cumaisc ón mbaile.

### 10.15 Costais taistil agus eile

Féadtar a cheangal ar fhostaithe atá ar shocrú cianoibre dualgais a chomhlíonadh in áiteanna eile ó am go ham agus iarrtar orthu tagairt a dhéanamh do bheartas taistil/costais BOO agus costais á n-éileamh acu.

### 10.16 Athbhreithniú rialta

Beidh gach socrú cianoibre faoi réir ag athbhreithniú ar bhonn rialta chun oiriúnacht agus éifeachtacht an tsocraithe a mheas agus beidh siad faoi réir ag athbhreithniú foirmiúil ar bhonn bliantúil.

Tar éis tréimhse ama, ní féidir socruithe cianoibre a éileamh ar bhonn gnáis agus cleachtais. Tá gach socrú faoi réir ag athbhreithniú agus féadfar deireadh a chur leis sa chás nach n-oibríonn sé chun tairbhe BOOÁCDL a thuilleadh.

## 1. Deireadh a chur le socrú cianoibre nó é a mhodhnú

Sa chás go gcinneann an BOO socrú cianoibre a mhodhnú nó deireadh a chur leis, cuirfear an fostaí ar an eolas i scríbhinn laistigh de choicís. Sa chás go bhfuil an socrú cianoibre le modhnú, cuirfear mionsonraí ar an modhnú/na modhnuithe agus ar na bearta is gá ina leith ar fáil don fhostaí. Cuirfear an fostaí ar an eolas faoi aon ghníomhartha a chaithfidh siad a dhéanamh más infheidhme agus laistigh de thréimhse ama áirithe. Mura gcuirtear na modhnuithe i bhfeidhm, d'fhéadfaí deireadh a chur leis an socrú cianoibre. Sa chás go gcinneann an BOO socrú cianoibre a mhodhnú nó deireadh a chur leis, féachfaidh sé le fógra réasúnta a thabhairt faoina chinneadh sula dtiocfaidh an modhnú sin i bhfeidhm nó sula gcuirfear deireadh leis an socrú. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé nach mbeifí in ann fógra a thabhairt sula ndéantar socrú cianoibre a mhodhnú nó deireadh a chur leis i ngach cás. D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le fógra gearr a thabhairt maidir le socruithe cianoibre a mhodhnú chun neamhláithreachtaí mar gheall ar shaoire bhliantúil agus/nó saoire bhreoiteachta a chumhdach.

## 2. Costais i gcomhair cianoibre

Ní íocann an BOO costais cianoibre. Is é an fostaí atá freagrach as faoiseamh a fháil ó na Coimisinéirí Ioncaim i gcomhair costas a thabhaítear agus iad ag obair ón mbaile e.g. solas agus teas, a luaithe a ghlactar le socrú cianoibre foirmiúil. Is féidir le fostaithe éilimh a

dhéanamh go díreach le hOifig na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le costais áirithe a thabhaítear agus iad ag obair ón mbaile ag deireadh na bliana cánach ábhartha, de réir na ndlíthe cánach ábhartha. Is faoin duine lena mbaineann agus faoin duine sin amháin atá aon éileamh ina leith sin.

## 3. Athbhreithniú ar an mbeartas seo

Coimeádann an BOO an ceart an beartas seo a athrú nó a leasú ó am go ham agus cuirfear leasuithe in iúl d'fhostaithe le fógra leictreonach (a d'fhéadfadh a bheith trí ríomhphost nó trí fhógra ar inlíon na foirne).

Ba chóir an beartas seo a léamh i gcomhar leis an mBeartas um Cheart chun Dícheangail.

Tá beartais BOOÁCDL ar fáil ar Láithreán Gréasáin BOOÁCDL.

ddletb
Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
Dublin and Dún Laoghaire Education and Training Board

# Foirm Iarratais ar Chianobair

| | |
|---|---|
| AINM | |
| TEIDEAL POIST/GRÁD | |
| RANNÓG/IONAD | |
| BAINISTEOIR | |
| TRÉIMHSE IARRATAIS | |

Is mian liom go mbreithneofaí mé le haghaidh Cianoibre agus is é an socrú cianoibre is fearr liom ná:

☐ 1 Lá (20%) ☐ 2 Lá (20%) ☐ 3 Lá (60%) 3 Lá (60%)

Tá rialacha agus coinníollacha an bheartais léite agam agus tuigim iad. Tuigim cad iad na freagrachtaí atá orm faoin scéim agus an tuigim gá atá le dul i ngleic go réamhghníomhach le haon rioscaí a bhaineann le hobair ón mbaile.
Deimhním an méid seo a leanas:

1. Tá an treoraíocht agus an chomhairle maidir le rioscaí sláinte agus sábháilteachta a bhainistiú léite agam agus cuirfidh mé i bhfeidhm iad.
2. Tá an beartas maidir le Cianobair léite agam, deimhním go bhfuil sé ar mo chumas na coinníollacha go léir atá ann a chomhlíonadh agus tugaim gealltanas iad a chomhlíonadh.
3. Tá spás oibre oiriúnach agam lena n-áirítear cathaoir agus stáisiún oibre, soilsiú agus aeráil iomchuí, agus tá an measúnú riosca déanta agam agus tá an seicliosta measúnaithe comhlánaithe agam.
4. Tuigim an oibleagáid atá orm aon ábhar imní a chur in iúl do mo Bhainisteoir/AD.
5. Tuigim mo chuid oibleagáidí maidir le Comhlíonadh RGCS, Beartas TFC, rúndacht agus slándáil na sonraí agus na faisnéise go léir cibé acu i bhformáid ríomhairithe nó i gcóip chrua iad.
6. Is leor an nascacht leathanbhanda i m'áit chónaithe/sa suíomh comhaontaithe chun rochtain a fháil ar ghréasáin na hOifige agus chun mo chuid oibre a dhéanamh go réidh.
7. Cuirfidh mé in iúl do mo bhainisteoir láithreach aon athruithe a thiocfadh ar mo shonraí teagmhála.
8. Deimhním nach mbeidh mé ag tabhairt faoi aon dualgais eile agus mé i mbun cianoibre.
9. Tá an Seicliosta Measúnaithe Riosca Sláinte agus Sábháilteachta comhlánaithe agam agus tá sé ceangailte agam leis an iarratas seo.

Tabhair breac-chuntas ar an gcaoi a bhfuil tú ag súil le do chuid oibre a eagrú chun rath an tsocraithe seo a chinntiú:

Sínithe: ______________________________ Dáta arna chur isteach: ______________________
Iarrthóir

## CINNEADH AR IARRATAS AR CHIANOBAIR

*Cuir ciorcal thart ar cheann amháin*

Faofa Faofa go Páirteach Níl Faofa

**Socrú Faofa**

| |
|---|
| |

**Tréimhse ama faofa i gcomhair**

| |
|---|
| |

An Chúis nár Faomhadh é

| |
|---|
| |

______________________________________ ______________________________

Síniú an Bhainisteora Dáta

*Ní mór cóip den Iarratas agus den Chinneadh a chur ar aghaidh chuig an Rannóg Acmhainní Daonna.*

Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
Dublin and Dún Laoghaire Education and Training Board

# CIANOBAIR ÓN MBAILE
# SEICLIOSTA MEASÚNAITHE SLÁINTE &SÁBHÁILTEACHTA

Dearadh an seicliosta seo lena úsáid ag daoine aonair mar uirlis féinmheasúnaithe ar do stáisiún oibre baile-bhunaithe ainmnithe agus ar do gharthimpeallacht. Tá sé i gceist aige treoir a thabhairt maidir le coigeartuithe simplí a dhéanamh chun compord, sláinte agus sábháilteacht a uasmhéadú agus tú ag obair ón mbaile, agus, nuair is gá, an gá le hobair leantach a shainaithint.

| **SONRAÍ AN FHOSTAÍ** | | | |
|---|---|---|---|
| Ainm | | Airde | |
| Bainisteoir | | Lámh Cheannasach | |
| Rannóg | | Dáta | |

| **MEASÚNÚ AR STÁISIÚN OIBRE** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **1 CATHAOIR** | **TÁ** | **NÍL** | **N/B** | **TRÁCHTANNA** |
| 1.1 Tá cathaoir tascanna agam atá compordach, dea-dheartha, oiriúnach dom, compordach agus i riocht maith | | | | |
| 1.2 Is féidir liom suí siar go hiomlán sa chathaoir, go gcloíonn an taca droma go compordach le mo dhroim agus tá leithead 1 go 3 mhéar idir imeall tosaigh an tsuíocháin agus cúl mo ghlúine chun an tacaíocht is fearr is féidir a thabhairt do mo cheathrúna. | | | | |
| 1.3 Nuair a bhím i mo shuí ag an stáisiún oibre agus mo lámha ar an méarchlár is féidir liom an staidiúir seo a leanas a bhaint amach:<br>• Guaillí suaimhneach agus siméadrach, ceann i lárlíne, súile ag breathnú díreach ar aghaidh<br>• Uillinneacha gar do thaobhanna an choirp<br>• Rítheacha comhthreomhar leis an urlár<br>• Cromáin beagán níos airde ná glúine<br>• Ceathrúna gan teagmháil a dhéanamh leis an gcuid íochtarach den deasc<br>• Cosa cothrom ar an urlár nó ar thaca coise (gan a bheith ag crochadh thar imeall na cathaoireach)<br><br>**Tabhair do d'aire:** Mura dtacaítear na cosa go hiomlán ar an urlár teastaíonn taca coise<br>Má táim ag obair i mo sheasamh, is féidir liom na chéad 3 phointe le hurchair thuas a bhaint amach<br>Is é an cóimheas suí/seasaimh is fearr - suí 20 nóiméad: seas 30 nóiméad | | | | |
| 1.4 Ní chuireann uillinneacha na cathaoireach, más ann dóibh, isteach ar rochtain ar an stáisiún oibre | | | | |
| 1.5 Bogann an chathaoir go héasca ar dhromchla an urláir agus tú ag suí síos nó ag seasamh suas | | | | |
| **2 DEASC** | **TÁ** | **NÍL** | **N/B** | **TRÁCHTANNA** |
| 2.1 Tá an deasc atá ar airde suite idir 680mm agus 735mm ar airde, ar a laghad 700mm ar doimhneacht agus ar a mhéad 33mm ar tiús. | | | | |
| 2.2 Má tá deasc suite/seasaimh ar fáil tá sí inchoigeartaithe gan iarracht agus tá raon airde aici chun freastal go compordach ar airde suite agus seasaimh. | | | | |
| 2.3 Níl aon struchtúir sheasta ná earraí stóráilte faoin deasc a chuireann isteach ar an spás do mo chosa agus a chuireann srian nó a chuireann | | | | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| isteach ar mo staidiúir oibre. | | | | |
| 2.4 Is leor toisí dhromchla na deisce chun freastal ar gach earra deisce riachtanach gan cur isteach ar mo staidiúir. | | | | |
| **3 MONATÓIR(Í) RÍOMHAIRE** | **TÁ** | **NÍL** | **N/B** | **TRÁCHTANNA** |
| 3.1 Tá an monatóir díreach os mo chomhair, cothrom agus faoi fhad láimhe díom. | | | | |
| 3.2 I gcás go n-úsáidtear dhá mhonatóir, tacaíonn an socrú roghnaithe leis an gcleachtas oibre.<br>• Úsáid chothrom: cumraithe taobh le taobh agus na himill taobh istigh díreach os comhair na sróine.<br>• Monatóir príomha agus monatóir tánaisteach: tá an monatóir príomha díreach os mo chomhair agus an monatóir tánaisteach díreach in aice leis, ar dheis nó ar chlé.<br>**Tabhair do d'aire:** Casaim an chathaoir ó thaobh go taobh (seachas mo mhuineál a chasadh) chun féachaint ar an dá mhonatóir. | | | | |
| 3.3 Tá barr an mhonatóra/na monatóirí thart ar leibhéal na súl.<br>**Tabhair do d'aire:** D'fhéadfadh sé gur ghá an monatóir a ardú ar ardaitheoir plaisteach nó ar a chomhionann.<br>Má tá lionsaí ilfhócasacha á gcaitheamh agat b'fhéidir go gcaithfear an monatóir/na monatóirí a ísliú agus a chlaonadh aníos ionas nach gá an ceann a chlaonadh siar. | | | | |
| 3.4 Déantar gile, codarsnacht agus clómhéid an scáileáin a choigeartú go bhféadfaidh mé féachaint air go compordach. | | | | |
| 3.5 Tá an scáileán saor ó dhalladh nó frithchaitheamh ó fhoinsí solais | | | | |
| 3.6 Tá fad cábla leordhóthanach ann chun mo mhonatóir a shuíomh go mbeidh mo staidiúir compordach. | | | | |
| 3.7 Sa chás go n-úsáidtear ríomhaire glúine ar feadh tréimhsí fada, úsáidim seastán/ardaitheoir ríomhaire glúine agus méarchlár agus luch seachtrach le nach mbeidh orm claonadh chun tosaigh. | | | | |
| **4 MÉARCHLÁR:** | **TÁ** | **NÍL** | **N/B** | **TRÁCHTANNA** |
| 4.1 Tá an méarchlár suite go díreach os mo chomhair agus ar fhad ó imeall na deisce a mhothaíonn compordach agus tacúil do mo lámha/guaillí. | | | | |
| 4.2 Nuair a bhím ag eochrú, féadfaidh mé mo rítheacha a shuíomh comhthreomhar leis an urlár agus mo rostaí a lúbadh suas beagán (10-20 céim). | | | | |
| 4.3 Coinním mo mhéara beagán cuartha agus buailim na heochracha go bog. | | | | |
| 4.4 Úsáidim aicearraí méarchláir nuair is féidir chun úsáid na luiche a laghdú. | | | | |
| 4.5 Tógaim sosanna gairide (gach cúpla nóiméad) ó oibriú go leanúnach ar an méarchlár. | | | | |
| **5 LUCH** | **TÁ** | **NÍL** | **N/B** | **TRÁCHTANNA** |
| 5.1 Téann mo luch go compordach i mo lámh ionas go bhfuil meallta na boise i dteagmháil leis an deasc. | | | | |
| 5.2 Oibríonn mo luch go réidh thar dhromchla na deisce nó ar mata luiche comhréidh.<br>**Tabhair do d'aire:** Ní mholtar mataí luiche a bhfuil taca rostaí glóthaí orthu a úsáid mar spreagann siad suíomh rosta amscaí agus gluaiseachtaí ó thaobh go taobh, a bhfuil riosca ag baint leo. | | | | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 5.3 Is féidir liom an staidiúir/gníomh luiche seo a leanas a ghlacadh:<br>• Gualainn suaimhneach<br>• Uillinn gar do thaobh an choirp<br>• Rí comhthreomhar leis an urlár le tacaíocht éadrom ón deasc<br>• Rosta socair, gan bogadh ó th go taobh<br>• Gluaiseachtaí ciorclacha, réidh, leis an lámh iomlán   | | | | |
| 5.4 Tógtar sosanna gairide i rith tréimhsí fada d'obair luiche ina dtógtar an lámh den luch agus ina síntear í. | | | | |
| **6 MÍREANNA AR BHARR NA DEISCE** | **TÁ** | **NÍL** | **N/B** | **TRÁCHTANNA** |
| 6.1 Más gá, tá coimeádán doiciméid ar fáil agus is féidir é a shuíomh san áit is fearr idir an monatóir agus an méarchlár. | | | | |
| 6.2 Is féidir an teileafón lámhshaor a úsáid (callaire nó Bluetooth etc.) i gcás go mbítear ag comhrá ar an teileafóin go minic nó i gcás go dteastaíonn eochrú comhuaineach/ scríbhneoireacht chomhuaineach.Gléas teileafóin lámhshaor | | | | |
| **7 TIMPEALLACHT FHISICEACH** | | | | **TRÁCHTANNA** |
| 7.1 Cuidíonn leibhéil torainn ag mo stáisiún oibre ainmnithe liom m'aird a choimeád ar an obair. | | | | |
| 7.2 Tá an soilsiú ag mo stáisiún oibre ainmnithe oiriúnach do na tascanna a dhéanaim, agus ní imríonn sé tionchar ar mo staidiúir ar bhealach a chuirfeadh ag breathnú go grinn mé, ag gliúcaíocht, ná ag cromadh. | | | | |
| 7.3 Tá an timpeallacht theirmeach ag mo thimpeallacht oibre ainmnithe compordach agus dea-rialaithe. | | | | |
| 7.4 Níl aon ghuaiseacha tuisle ann e.g. cáblú, mataí, constaicí, ná droch-bhainistí sa gharthimpeallacht. | | | | |
| 7.5 Déantar dea-bhainistiú ar na cáblaí timpeall an stáisiúin oibre le nach rachaidh siad i dteagmháil lena chéile de thaisme. | | | | |
| 7.6 Tá rochtain éasca ar áit stórála aon earraí oibre riachtanacha (ní gá síneadh láimhe, casadh, lúbadh ná úsáid fórsa iomarcach a dhéanamh). | | | | |
| **8 GNÍOMH LEANTACH** | **TÁ** | **NÍL** | **N/B** | **TRÁCHTANNA** |
| 8.1 D'éirigh liom na coigeartuithe/modhanna oibre thuas a chur i bhfeidhm agus táim compordach le leagan amach mo stáisiúin oibre agus le mo thimpeallacht. | | | | |
| 8.2 Teastaíonn trealamh uaim chun gnéithe áirithe den leagan amach molta agus de na cleachtais oibre ar tugadh breac-chuntas orthu a bhaint amach. | | | | |
| 8.3 "Níl" an freagra a bhí agam ar roinnt de na ceisteanna seo agus nílim in ann critéir áirithe a chomhlíonadh. | | | | |
| **9. DEARBHÚ** | **TÁ** | **NÍL** | **N/B** | **TRÁCHTANNA** |
| 9.1 Tá an fhaisnéis thuas maidir le mo stáisiún oibre ainmnithe agus mo gharthimpeallacht ceart ar feadh m'eolais. | | | | |
| 9.2 Aontaím mo chuid oibre BOO a dhéanamh sa timpeallacht oibre ainmnithe go heisiach. | | | | |
| 9.3 Tá grianghraif ceangailte agam mar fhianaise ar m'ionad oibre/stáisiún oibre ainmnithe sa bhaile. | | | | |
| 9.4 Tá sceitse nó plean urláir den ionad oibre ainmnithe ceangailte agam. | | | | |
| 9.5 I gcás go dtagann athrú ar aon ghné den timpeallacht oibre ainmnithe, mo chumas oibre nó m'éilimh oibre, rachaidh mé i dteagmháil láithreach le mo bhainisteoir. | | | | |

**SÍNITHE:** ______________________________________ DÁTA ______________________________

**Fostaí**

Úsáidtear an fhoirm seo i gcomhar leis na socruithe iarratais "Cianoibre" atá leagtha amach i mBeartas Cianoibre BOO a éilíonn go síneoidh "ainmní cuícháilithe nó conraitheoir neamhspleách" an measúnú ar an stáisiún oibre.

**Ceangail an fhoirm seo agus grianghraif de do stáisiún oibre baile le d'Iarratas ar Chianobair agus seol ar aghaidh chuig do bhainisteoir/Roinn Acmhainní Daonna í.**

Má theastaíonn tuilleadh cúnaimh, coigeartuithe nó trealaimh uait, déan teagmháil le do bhainisteoir.

# AG OBAIR ÓN MBAILE – MEASÚNÚ SÁBHÁILTEACHTA

**Timpeallacht Oibre**

- Cinntigh go bhfuil dóthain spáis ann chun oibriú go compordach.
- Cinntigh gur féidir leat rochtain a fháil ar an spás oibre go héasca agus go sábháilte.
- Cinntigh go gcoinnítear an spás oibre i riocht sábháilte.
- Cinntigh go gcuirtear soilsiú, téamh agus aeráil leordhóthanach ar fáil sa spás oibre.
- Cinntigh nach bhfuil aon tuislí agus/nó guaiseacha ann (e.g. cáblaí, sreanga leictreacha).
- Cinntigh go bhfuil dea-bhail ar shoicéid, plocóidí agus cordaí leictreacha (mar shampla, gan gualú, sreangú nochta nó cáblaí caite).
- Cinntigh nuair is féidir go bhfuil dóthain príobháideachta agus saoirse rudaí a chuirfeadh isteach ar an obair.
- Ná cuir ríomhaire glúine/monatóir i suíomh a bhféadfadh dalladh a chur ar an scáileán.
- Tuairiscigh aon lochtanna trealaimh do d'fhostóir.
- Tuairiscigh aon ghortú a eascraíonn as gníomhaíocht oibre do do bhainisteoir/ AD / Bainistíocht Saoráidí láithreach.
- Coinnigh ábhair inadhainte (e.g. páipéar) agus foinsí adhainte (toitíní) chomh híseal agus is féidir.
- Cinntigh go bhfuil brathadóirí deataigh/aláraim dóiteáin i láthair agus in ord oibre.

**Eirgeanamaíocht**

- Agus tú i do shuí, ba cheart go mbeadh na cosa cothrom ar an urlár, ceathrúna comhthreomhar leis an urlár agus íochtar na gcos thart ar ingearach.
- Suigh suas go díreach agus tú ag úsáid ríomhaire glúine/ríomhaire.
- Bain úsáid as cathaoir a bhfuil cúl dhíreach aici a oireann agus a thacaíonn le híochtar an droma.
- Socraigh leibhéal an scáileáin le do shúile, nó beagán níos ísle ná sin, agus dá bhrí sin ní bheidh ort do mhuineál a lúbadh ar feadh tréimhsí leanúnacha ama.
- Ba chóir an scáileán a shocrú thart ar fhad láimhe ó do shuíomh agus tú i do shuí.
- Ba chóir spás a fhágáil os comhair an mhéarchláir chun tacaíocht a chur ar fáil do na lámha.
- Déan seiceáil leantach tar éis an mheasúnaithe lena chinntiú go bhfuil aon ghníomhartha ceartaitheacha a theastaíonn curtha i gcrích.
- Níor cheart ríomhairí glúine/ríomhairí ná gléasanna oibre eile a fhágáil díghlasáilte nuair a fhágann an fostaí a spás oibre.
- Ba chóir glaonna gnó a dhéanamh/a ghlacadh i spás príobháideach.

**Slándáil / Rúndacht:**

I gcás go bhfuil imní ort faoi aon rioscaí sonracha nó i gcás go sainaithníonn tú iad, ba cheart iad a chur in iúl agus a phlé le do bhainisteoir ar an gcéad dul síos.

**Measúnú riosca sábháilteachta:** Ní mór an seicliosta measúnaithe S&S faoi iamh a chomhlánú agus a chur isteach le d'iarratas ar chianobair.

Is féidir tuilleadh eolais maidir leis an timpeallacht oibre baile a fháil i gCuid 11 den Treoir ón Údarás Sláinte agus Sábháilteachta.
https://www.hsa.ie/eng/topics/remote_working/homeworking_guidance_9mar21_v8.pdfhttps://www.hsa.ie/eng/topics/remote_working/homeworking_guidance_9mar21_v8.pdf

ddletb
Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
Dublin and Dún Laoghaire Education and Training Board

# Comhaontú Cianoibre

| | |
|---|---|
| AINM AN FHOSTAÍ | |
| TEIDEAL POIST/GRÁD | |
| SEOLADH INA mBEIDH OBAIR ÓN mBAILE AR SIÚL | |
| Uimhir theileafóin/ fóin póca | |
| An dáta a gcuirfear tús leis an gComhaontú um Obair ón mBaile | |
| Socrú um Obair ón mBaile Comhaontaithe | |

**Dearbhú ón bhFostaí:**

- Tá an beartas maidir le Cianobair léite agam, deimhním go bhfuil sé ar mo chumas na coinníollacha go léir atá ann a chomhlíonadh agus tugaim gealltanas iad a chomhlíonadh.
- Beidh mé freagrach as seiceálacha sláinte agus sábháilteachta a chomhlánú agus a thaifeadadh ag mo shuíomh oibre sa bhaile.
- Tuigim nach ndéantar difear don cheanglas atá orm cloí le beartais agus nósanna imeachta an BOO mar gheall go mbeidh mé ag obair ón mbaile.
- Aontaím rochtain a thabhairt, trí shocrú roimh ré, do mo bhainisteoir, don fhoireann TF, don fhoireann tástála fearas iniompartha agus d'aon fhostaí eile de chuid BOO a dteastóidh rochtain uathu chun a gcuid dualgas a chomhlíonadh.
- Tuigim nach féidir an comhaontú um obair ón mbaile a úsáid in ionad cúram leanaí ná freagrachtaí cúraim eile agus nach mór forálacha leordhóthanacha a dhéanamh maidir leis na freagrachtaí sin.
- Tuigim go bhféadfaí a cheangal orm freastal ar oifig an BOO ó am go ham le linn m'uaireanta oibre ón mbaile (e.g. freastal ar chruinniú foirne).
- Tuigim an fhoráil go bhféadfaidh an BOO an comhaontú cianoibre a chur ar ceal.

Sínigh le do thoil chun a dheimhniú gur léigh tú, gur thuig tú agus gur aontaigh tú leis na coinníollacha a bhaineann leis na socruithe cianoibre.

Sínithe: ________________________________________ Dáta: ______________________________

Fostaí

________________________________________ Dáta: ______________________________

Bainisteoir

*Ní mór cóip a chur ar aghaidh chuig an Roinn Acmhainní Daonna.*

ddletb
Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire Dublin and Dún Laoghaire Education and Training Board

# Amlíne don Iarratas ar Chianobair

Is próiseas bliantúil é iarratas a dhéanamh faoin mBeartas Cianoibre. Cuirfear na hAmlínte seo a leanas i bhfeidhm. Déanfar athbhreithniú ar an mbeartas seo i mí Dheireadh Fómhair gach bliain.

| Riarachán/Cothabháil/Teagasc | |
|---|---|
| **Osclaítear Iarratais** | Samhain |
| **Cinneadh Curtha in Iúl don Fhoireann** | Nollaig |
| **Cianobair Curtha i bhFeidhm** | Eanáir |

| Ball foirne teagaisc / CRS | |
|---|---|
| **Osclaítear Iarratais** | Aibreán |
| **Cinneadh Curtha in Iúl don Fhoireann** | Bealtaine |
| **Cianobair Curtha i bhFeidhm** | Meán Fómhair |